10.0 Feidhmiúcháin, Monatóireacht agus Athbhreithniú

Ghlac Comhairle Contae Luimnigh leis an bPlean seo agus dáileadh go forleathan é ar na baill tofa, ar an bhfoireann, ar bhaill an Bhord Forbartha Contae, ar an bhFóram Pobail agus Deonach, ar na Coistí Straitéiseacha Polasaí, ar údaráis eile áitiúla agus ar an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Fógraíodh a fhoilsithe sna meáin áitiúla agus tá an Plean iomlán ar fáil le híoslódáil ó shuíomh idirlín Chomhairle Contae Luimnigh.

Clúdaíonn an Plean an tréimhse 2004 – 2009 agus feidhmeofar i gcaitheamh na tréimhse sin é trí shraith de phleanna bliantúla oibriúcháin a tháirgeoidh gach Stiúrthóireacht ar leith. Gníomhóidh na Pleananna Oibriúcháin seo na cuspóirí ardleibhéal atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach agus go bunúsach nascfaidh siad na cuspóirí Corparáideacha le gníomhaíochtaí bliantúla na Stiúrthóireachtaí .

Beidh táirgeadh Pleananna Bliantúla Oibriúcháin ina mbeidh spriocanna soiléire do gach Stiúrthóireacht ar leith ina mbonn monatóireachta ar dhul chun cinn ar an bPlean Corparáideach.

Beidh monatóireacht agus rianú ar dhul chun cinn ar an bPlean Corparáideach ina chúram ar na Seirbhísí Corparáideacha.

Tomhaisfear comhlíonadh, ní amháin maidir leis na spriocanna a leagfar síos sna Pleananna Oibriúcháin ach trí chóras struchtúrtha tuarascála ar fhoireann de 42 Tháscaire Seirbhíse Náisiúnta agus líon áirithe táscairí a cheapfar go háitiúil le freastal ar thosaíochtaí áitiúla.

Déanfaidh an Bord Bainistíochta Seirbhísí Rialtais Áitiúil monatóireacht sheachtrach agus dearbhú sonraí ar tháscairí seirbhísí náisiúnta in aghaidh na bliana agus tabharfaidh an Bord, ina thuras, tuarascáil don Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Go háitiúil, foilseoidh Comhairle Contae Luimnigh torthaí maidir le táscairí náisiúnta agus áitiúla ina tuarascáil bhliantúil taobh leis na sonraí céanna don dá bhliain roimhe sin agus beidh an t-eolas céanna ar fáil ar a suíomh idirlín.

Sonrófar dul chun cinn ar an bPlean Corparáideach i dtuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn a thabharfar do na baill tofa agus a fhoilseofar sa tuarascáil bhliantúil.